Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2023
(OR. en)

10014/23

FIN 578

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Johannes HAHN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 31 Bealtaine 2023 |
| chuig: | Johanna LYBECK LILJA, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 09/2023 i Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad DEC 09/2023.

---

Faoi iamh: DEC 09/2023

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL, 31/05/2023

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2023
ROINN III - TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 03, 06, 30

AISTRIÚ LEITHREASUITHE Uimh. **DEC 09/2023**

## ÓN MÉID SEO A LEANAS

**CAIBIDIL -** 3004 Sásraí dlúthpháirtíochta (ionstraimí speisialta)

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 30 04 01 An cúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála (SEAR) | Gealltanais | -86 000 000,00 |
| | Íocaíochtaí | -86 000 000,00 |

## GO

**CAIBIDIL** - 0302 Clár an Mhargaidh Aonair

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 03 02 06 Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí | Gealltanais | 31 000 000,00 |
| | Íocaíochtaí | 31 000 000,00 |

**CAIBIDIL** - 0605 An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 06 05 01 An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta | Gealltanais | 55 000 000,00 |
| | Íocaíochtaí | 55 000 000,00 |

Iarrann an Coimisiún Eorpach go ndéanfaí an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR) a shlógadh bunaithe ar Airteagal 9(1)(b) den Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, le haghaidh méid iomlán EUR 86 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ó shnáithe inmheánach SEAR.

Is é is aidhm don aistriú seo aghaidh a thabhairt ar na hardriachtanais leanúnacha atá ann in 2023 maidir leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) agus maidir le snáithe an bhiashlabhra de chlár an Mhargaidh Aonair, a atreisíodh cheana féin chun críoch comhchosúil le linn 2022, i gcás UCPM ar mhéid iomlán EUR 84,5 milliún le DEC 08/2022 agus DEC 10/2022, agus EUR 73,8 milliún le haghaidh bearta Bia agus Beatha i mbuiséad leasaitheach 5/2022.

Is é is aidhm don EUR 55 mhilliún a iarradh le haghaidh UCPM gníomhaíochtaí práinnfhreagartha UCPM a mhaoiniú tar éis na gcreathanna talún sa Tuirc agus sa tSiria agus na géarchéime sa tSúdáin, chomh maith leis an mbuaicphointe beart atá le teacht i bhfianaise an tséasúir dóiteáin foraoise. Ag an am céanna, úsáidfear buiséad reatha UCPM chun tacaíocht leanúnach don Úcráin a mhaoiniú, ar iarradh atreisiúcháin na bliana seo caite ar a son.

Tá gá leis an EUR 31 mhilliún a iarradh le haghaidh shnáithe an bhiashlabhra de chlár an Mhargaidh Aonair chun na riachtanais a bhaineann leis na bearta éigeandála maidir le fliú éanúil in 2023 a chumhdach. Baineadh úsáid as atreisiú na mbeart maidir le Bia agus Beatha anuraidh chun déileáil le riaráiste aisíocaíochtaí a bhain le ráigeanna roimhe seo den fhliú éanúil agus d'fhiabhras Afracach na muc. Ag an am céanna, níor chuir na Ballstáit in aghaidh an chinnidh ón gCoimisiúin na rátaí cómhaoinithe do chásanna nua a laghdú go suntasach, chun an tionchar ar bhuiséad an Aontais amach anseo a theorannú.

# I. LAGHDÚ

## I.1

## a) Ceannteideal

**30 04 01 - An Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR)**

## b) Figiúirí an 15/05/2023

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 1 274 897 000,00 | 1 274 897 000,00 |
| 2 Aistrithe | -347 785 463,00 | -347 785 463,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 927 111 537,00 | 927 111 537,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe ar fáil (3-4)** | **927 111 537,00** | **927 111 537,00** |
| **6 An laghdú atá molta** | **86 000 000,00** | **86 000 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **841 111 537,00** | **841 111 537,00** |
| 8 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 6,75 % | 6,75 % |
| 9 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 0,00 | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 15/05/2023 | 0,00 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

## d) Forais mhionsonraithe leis an laghdú

De réir Airteagal 9 den Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, beartaítear leis an gCúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR) foráil a dhéanamh: maidir leis na nithe seo a leanas

(a) cúnamh a sholáthar chun freagairt do chásanna éigeandála a eascraíonn as tubaistí móra a chumhdaítear le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, agus leagtar amach na cuspóirí agus an raon feidhme lena mbaineann i Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle; agus

(b) mearfhreagairtí a thabhairt ar riachtanais shonracha éigeandála laistigh den Aontas nó i dtríú tíortha tar éis imeachtaí nach bhféadfaí a thuar nuair a bunaíodh an buiséad, go háirithe le haghaidh práinnfhreagairtí agus oibríochtaí tacaíochta tar éis tubaistí nádúrtha nach gcumhdaítear le pointe (a), tubaistí de dhéanamh an duine, géarchéimeanna daonnúla i gcás bagairtí mórscála sláinte poiblí, tréidliachta nó fíteashláintíochta, agus i gcásanna lena mbaineann brú ar leith ar theorainneacha seachtracha an Aontais mar gheall ar shreafaí imirce, i gcás inar gá sin sna himthosca.

## II. MÉADÚ

### II.1

### a) Ceannteideal

**03 02 06 - Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí**

### b) Figiúirí an 15/05/2023

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 231 319 000,00 | 202 000 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 231 319 000,00 | 202 000 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 94 200 457,67 | 10 137 158,37 |
| **5 Leithreasuithe ar fáil (3-4)** | **137 118 542,33** | **191 862 841,63** |
| **6 An méadú a iarradh** | **31 000 000,00** | **31 000 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **168 118 542,33** | **222 862 841,63** |
| 8 An méadú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 13,40 % | 15,35 % |
| 9 An méadú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 2 293 113,93 | 1 408 016,48 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 15/05/2023 | 1 129 081,72 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 50,76 % | 100,00 % |

### d) Forais mhionsonraithe leis an méadú

Na costais arna dtabhú ag na Ballstáit chun bearta éigeandála a chur i gcrích chun ráigeanna galar ainmhithe a chomhrac, is féidir iad a bheith incháilithe le haghaidh cómhaoiniú ó bhuiséad an Aontais.

Tá sé ríthábhachtach go leanfaidh na Ballstáit de bhearta iomchuí a chur chun feidhme agus go gcuirfidh an tAontas tacaíocht airgeadais ar fáil, toisc go bhféadfadh iarmhairtí tubaisteacha an ghalair sin do bheostoc agus iarmhairtí airgeadais don earnáil eacnamaíoch i gcoitinne a bheith suntasach, gan trácht ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine, i ngeall ar an riosca go ndéanfaí cineálacha áirithe fliú a tharchur ó ainmhithe go daoine.

Tar éis líon an-mhór ráigeanna sna blianta 2020-2022 i réimse na sláinte ainmhithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le galair amhail Fiabhras Afracach na Muc agus an Fliú Éanúil Ardphataigineach, ní leor na hacmhainní atá ar fáil faoi shnáithe an bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair (SMP) ó 2021 i leith.

Chun déileáil leis an nganntanas buiséid, rinneadh atreisiú EUR 73,8 milliún ar an líne bhuiséid shonrach i mbuiséad leasaitheach 5/2022. Baineadh úsáid as na cistí sin chun oibleagáidí dlíthiúla nár comhlíonadh a chomhlíonadh.

I bhfianaise na srianta buiséadacha, rinneadh bearta chun na hiarmhairtí buiséadacha a laghdú sa mheántéarma agus san fhadtéarma: Níor chuir na Ballstáit in aghaidh Cinneadh ón gCoimisiún a ghlacadh i mí Feabhra 2023 chun laghdú 60 % a dhéanamh ar rátaí cómhaoinithe na gclár tréidliachta agus fíteashláintíochta agus na mbeart éigeandála.

In 2023, tá líon na ráigeanna den Fhliú Éanúil Ardphataigineach fós an-ard. Toimhdíonn an Coimisiún faoi láthair go mbeidh ráigeanna 2023 ar an leibhéal céanna agus a bhí in 2021/22, ráigeanna lenar bhain thart ar EUR 200 milliún de chostais incháilithe in aghaidh na bliana. Leis an meánráta nua cómhaoinithe 25 %, bheadh EUR 50 milliún i gceist le riachtanais chómhaoinithe an Aontais. Déantar foráil i gclár oibre an bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair (SMP) gach bliain maidir le méid EUR 19 milliún le haghaidh bearta éigeandála, agus, dá bhrí sin, bheadh gá le méid breise measta EUR 31 mhilliún ó shnáithe inmheánach SEAR le haghaidh shnáithe an Bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair - líne bhuiséid 03 02 06 in 2023.

## II.2

### a) Ceannteideal

**06 05 01 - An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta**

### b) Figiúirí an 15/05/2023

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 188 005 975,00 | 275 000 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 188 005 975,00 | 275 000 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 86 965 558,62 | 5 385 839,86 |
| **5 Leithreasuithe ar fáil (3-4)** | **101 040 416,38** | **269 614 160,14** |
| **6 An méadú a iarradh** | **55 000 000,00** | **55 000 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **156 040 416,38** | **324 614 160,14** |
| 8 An méadú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 29,25 % | 20,00 % |
| 9 An méadú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 1 463 567,23 | 1 463 567,23 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 15/05/2023 | 1 358 567,23 | 509,45 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 7,17 % | 99,97 % |

### d) Forais mhionsonraithe leis an méadú

Gníomhachtú méadaithe in 2022

Tháinig méadú faoi dhó ar na hiarrataí ar chúnamh agus ar na hoibríochtaí práinnfhreagartha a tharla de thoradh sin faoi UCPM in 2022 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, 232 ghníomhachtú san iomlán a tharla, mar gheall ar shéasúr dóiteáin foraoise thar a bheith dian agus na riachtanais ollmhóra cúnaimh a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin, arb í an oibríocht UCPM is faide, is mó agus is casta riamh.

An t-ionchas don bhliain 2023

1. An Tuirc, an tSiria agus an tSúdáin

   Tá tús curtha go han-dian leis an mbliain 2023, mar gheall ar na creathanna talún tubaisteacha sa Tuirc agus sa tSiria – rud a éilíonn rannchuidiú an-suntasach ó UCPM thar ceann an Aontais. Ina dhiaidh sin, tá iarratais á ndéanamh anois ar aisdúichiú shaoránaigh an Aontais a bhfuil baint acu leis an gcoinbhleacht sa tSúdáin. San iomlán, meastar gur gá EUR 60 milliún le haghaidh na n-idirghabhálacha sin agus idirghabhálacha eile UCPM in 2023.

2. Dóiteáin foraoise

   Tá séasúr falscaithe 2023 tosaithe cheana féin, tharla go leor dóiteán geimhridh agus earraigh sa Phortaingéil, i dtuaisceart na Spáinne, i réigiún na bPiréiní, sa Rómáin, sna Balcáin agus i ndeisceart na hÉireann. Tá ionchas le dálaí leanúnacha triomaigh agus teochtaí os cionn an mheáin go dtí mí Mheán Fómhair i gcodanna móra de mhór-roinn na hEorpa.

   Tá ionchas ann, dá bhrí sin, go leanfaidh treocht na mblianta a chuaigh thart ar aghaidh, treocht ar ábhar imní é, sa mhéid agus go mbeidh líon níos mó dóiteán ann ná riamh. In 2023, meastar go ndéanfar acmhainneachtaí náisiúnta agus acmhainneachtaí an Aontais a shlógadh ina n-iomláine, lena n-áirítear foirne comhraicthe dóiteáin a bhí thar a bheith úsáideach agus rathúil in 2022. Meastar go dtiocfaidh méadú faoi dhó ar na costais i gcomparáid leis an meántréimhse 2017-2021, a shroichfidh EUR 22,5 milliún.

3. An Úcráin

   Tá riachtanais dhaonnúla a bhaineann leis an Úcráin fós an-ard, go háirithe i réimse na cabhrach leighis agus na n-aslonnuithe leighis. Treoraítear freagairt éigeandála UCPM ar an gcogadh san Úcráin i gcónaí trí roinnt mol le haghaidh lóistíochta (comhthiomsú agus iompar cúnaimh chomhchineáil) agus le haghaidh cúnamh leighis. Cuireadh síneadh leis an gconradh don mhol is tábhachtaí sa Pholainn go dtí deireadh mhí na Samhna 2023. Tá an mol aslonnaithe taismeach sa Pholainn an-ghníomhach agus rinneadh conarthaí leis an Iorua a athnuachan le haghaidh eitiltí aslonnaithe taismeach othair de chuid na hÚcráine. Thairis sin, cruthaíodh mol fuinnimh chun an trealamh fuinnimh a deonaíodh don Úcráin a threorú. Áirítear ar na costais iompar na n-ítimí fuinnimh is gá chun an bonneagar fuinnimh a dheisiú agus a fheidhmiú.
   Sa chomhthéacs sin, ní mór leanúint den leibhéal cúnaimh reatha, thart ar EUR 6,5 milliún in aghaidh na míosa, a thabhairt don Úcráin sna míonna amach romhainn. Bunaithe ar na réamhaisnéisí atá ann faoi láthair, is féidir é sin a chumhdach leis na leithreasuithe atá fós ar fáil ó atreisiúcháin 2022.

<u>An gá atá le hatreisiú</u>

Tá méid EUR 27,5 milliún ar fáil faoi láthair le haghaidh fhreagairt 2023 UCPM. Tá ráta foriomlán chur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas gar do 70 %, agus tá ionchas ann go gcuirfear chun feidhme ina iomláine iad faoi lár mhí Iúil. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún atreisiúchán dar luach EUR 55 mhilliún ó snáithe inmheánach SEAR.

Coimeádfaidh an Coimisiún aon athrú ar na riachtanais faoi athbhreithniú dlúth. Ag brath ar a dtarlóidh amach anseo, d’fhéadfadh sé a mholadh go ndéanfaí UCPM a atreisiú a thuilleadh, go háirithe ar son na hÚcráine.

**ANNEX**

**COMMISSION TRANSFER PROPOSALS RELATED TO THE SOLIDARITY AND EMERGENCY AID RESERVE IN 2023**

The table below shows the transfer proposals transmitted to the Budgetary Authority to date during 2023, which relate to the Solidarity and Emergency Aid Reserve (SEAR), and the remaining amount under the SEAR reserve following the approval of these proposals.

| Commitment Appropriations 2023 Reserve (EUR) | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Transfer Ref** | **Content** | **TOTAL** | *carried over* | *voted budget* | ***Internal*** *(excluding EUSF)* | ***EUSF*** | ***External*** | *End-of-Year Cushion (25%)* |
| | **General Budget 2023 - Initial appropriations** | **1.324.897.000** | *0* | *1.324.897.000* | ***149.050.912*** | ***496.836.375*** | ***347.785.463*** | ***331.224.250*** |
| | General Budget 2023 - EUSF advances *(Article 4a EUSF Regulation)* | -50.000.000 | | *-50.000.000* | | -50.000.000 | | |
| DEC 03 | Mobilisation of the SEAR for the food crises in Africa and in Yemen as w ell as the multisectoral crisis in Venezuela | 185.000.000 | | *185.000.000* | | | 185.000.000 | |
| DEC 05 | Mobilisation of the SEAR for the humanitarian assistance in Türkiye, Syria, Ukraine, DRC, Ethiopia and Lake Chad | 162.785.463 | | 162.785.463 | | | 162.785.463 | |
| *DEC 09* | *Mobilisation of the SEAR for UCPM and SMP food chain* | *86.000.000* | | *86.000.000* | *86.000.000* | | | |
| | **Total DEC transfer proposals** | **433.785.463** | *0* | *433.785.463* | **86.000.000** | **0** | **347.785.463** | **0** |
| | **Remainder** | **841.111.537** | ***0*** | **841.111.537** | **63.050.912** | **446.836.375** | **0** | **331.224.250** |